III

(Gníomhartha ullmhúcháin)

COISTE NA RÉIGIÚN

AN 152Ú SEISIÚN IOMLÁNACH DE CNAR, 30.11.2022 – 1.12.2022

Tuairim ó Choiste Eorpach na Réigiún maidir leis an imirce dhleathach: scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach

(2023/C 79/10)

Rapóirtéir:	Giuseppe VARACALLI (IT/Renew Europe), Comhalta de Chomhairle Bardais Gerace
Doiciméid tagartha:	Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (athmhúnlú) COM(2022) 650 Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibreoirí tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát (athmhúnlú) COM(2022) 655 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún – Scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach COM(2022) 657

I. **MOLTAÍ LE hAGHAIDH LEASUITHE**

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad

COM(2022) 650

Leasú 1

Aithris 8

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Chun an riosca go bhfaighfear stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE ar bhealach míchuí a chosc, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach i gcás gach catagóire de náisiúnaigh tríú tír. Baineann an riosca sin go háirithe leis na náisiúnaigh tríú tír sin a bhfuil cead cónaithe acu, ar cead cónaithe é a dheonaítear ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát, ós rud é nach mbíonn eisiúint na gceadanna cónaithe sin i gcónaí faoi réir an cheanglais maidir le hinfheisteoirí a bheith i láthair go leanúnach sa Bhallstát nó nach mbíonn sí ach faoi réir an cheanglais maidir leo a bheith i láthair sa Bhallstát ar feadh tréimhse teoranta. Chun an riosca sin a chosc, ba cheart do na Ballstáit seiceálacha ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach a neartú agus aird ar leith á tabhairt ar iarratais ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE arna dtíolacadh ag náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu i mBallstát mar mhalairt ar aon chineál infheistíochta, amhail aistrithe caipitil, maoin a cheannach nó a fháil ar cíos, infheistíocht i mbannaí rialtais, infheistíocht in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlacadh gníomhaíochta a rannchuidíonn le leas an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit.	Chun an riosca go bhfaighfear stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE ar bhealach míchuí a chosc, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach i gcás gach catagóire de náisiúnaigh tríú tír. Baineann an riosca sin go háirithe leis na náisiúnaigh tríú tír sin a bhfuil cead cónaithe acu, ar cead cónaithe é a dheonaítear ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát, ós rud é nach mbíonn eisiúint na gceadanna cónaithe sin i gcónaí faoi réir an cheanglais maidir le hinfheisteoirí a bheith i láthair go leanúnach sa Bhallstát nó nach mbíonn sí ach faoi réir an cheanglais maidir leo a bheith i láthair sa Bhallstát ar feadh tréimhse teoranta. Chun an riosca sin a chosc, ba cheart do na Ballstáit***, i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha inniúla,*** seiceálacha ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach a neartú agus aird ar leith á tabhairt ar iarratais ar stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE arna dtíolacadh ag náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu i mBallstát mar mhalairt ar aon chineál infheistíochta, amhail aistrithe caipitil, maoin a cheannach nó a fháil ar cíos, infheistíocht i mbannaí rialtais, infheistíocht in eintitis chorparáideacha, deonú nó dearlacadh gníomhaíochta a rannchuidíonn le leas an phobail agus ranníocaíochtaí le buiséad an stáit.

Cúis

Ós rud é go mbíonn ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha seiceáil agus faireachán a dhéanamh ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach (e.g. tríd an áit chónaithe a chlárú), ba cheart aon athrú ar an nós imeachta nó aon "neartú" ar na seiceálacha sin a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis sin. D'fhágfadh sin go seachnófaí ualach riaracháin díréireach agus go gcuirfí a bhfuil ag titim amach ar "an leibhéal áitiúil" san áireamh.

Leasú 2

Aithris 20

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Ba cheart cáilíochtaí gairmiúla a bronnadh ar náisiúnach tríú tír i mBallstát eile a aithint mar a aithnítear cáilíochtaí shaoránaigh an Aontais. Cáilíochtaí a bronnadh i dtríú tír, ba cheart iad a chur san áireamh i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*). Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do na coinníollacha a leagtar amach faoin dlí náisiúnta maidir le cleachtadh na ngairmeacha rialaithe.	Ba cheart cáilíochtaí gairmiúla a bronnadh ar náisiúnach tríú tír i mBallstát eile a aithint mar a aithnítear cáilíochtaí shaoránaigh an Aontais. Cáilíochtaí a bronnadh i dtríú tír, ba cheart iad a chur san áireamh i gcomhréir le Treoir 2005/36/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*)***, cé go bhféadfaí leas a bhaint as forálacha speisialta chun cás dídeanaithe nach mbeadh in acmhainn, b'fhéidir, fianaise dhoiciméadach ábhartha agus cruthúnas ar cháilíochtaí a chur ar fáil, a bhreithniú go solúbtha***. Ba cheart an Treoir seo a bheith gan dochar do na coinníollacha a leagtar amach faoin dlí náisiúnta maidir le cleachtadh na ngairmeacha rialaithe. ***Níor cheart baint den oibleagáid atá ar na Ballstáit rochtain a thabhairt do leanaí imirceacha, gan beann ar a stádas dlíthiúil, ar an gcóras oideachais faoi choinníollacha atá ar aon dul leis na coinníollacha a leagtar síos do náisiúnaigh na mBallstát féin, agus aird ar leith á tabhairt ar chailíní ar imircigh iad, ar mó an seans go bhfágfar chun deiridh iad sa chóras oideachais.***

Cúis

I gcomhréir le Treoir 2013/33/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meitheamh 2013 lena leagtar síos caighdeáin maidir le glacadh le hiarratasóirí ar chosaint idirnáisiúnta (IO L 180, 29.6.2013, lch. 96), tá ceangal ar na Ballstáit rochtain ar an gcóras oideachais a thabhairt do leanaí mionaoiseacha na n-iarratasóirí agus d'iarratasóirí ar mionaoisigh iad féin, faoi choinníollacha atá ar aon dul leis na coinníollacha a bhfuil feidhm acu maidir le náisiúnaigh an Bhallstáit. Dá bhrí sin, ba cheart an mhír seo a choinneáil, óir tá sé ráite níos mó ná uair amháin nach féidir duine a lánpháirtiú gan cearta a thabhairt dó nó di, agus má tá na cearta sin le bheith ar aon dul leis na cearta atá ag náisiúnaigh an Bhallstáit, caithfear an ceart chun oideachais a bheith ar cheann acu. Tá sé tábhachtach gan dearmad a dhéanamh ar na constaicí a bhíonn roimh chailíní, go háirithe i gcásanna lena mbaineann contúirt agus leithlisiú ar drochthaithí le linn imirce is cúis leo uaireanta.

Leasú 3

Aithris 28

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar na téarmaí maidir le stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil, cuirtear chun cinn an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Ba cheart, áfach, an Treoir seo a bheith gan dochar do cheart na mBallstát ceadanna cónaithe a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu a eisiúint seachas cead cónaithe fadtéarmach AE. Leis na ceadanna cónaithe sin níor cheart an ceart a thabhairt cónaí i mBallstáit eile.	Trí chomhchuibhiú a dhéanamh ar na téarmaí maidir le stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE a fháil, cuirtear chun cinn an mhuinín fhrithpháirteach idir na Ballstáit. Ba cheart, áfach, an Treoir seo a bheith gan dochar do cheart na mBallstát ceadanna cónaithe a bhfuil bailíocht bhuan nó neamhtheoranta acu a eisiúint seachas cead cónaithe fadtéarmach AE. Leis na ceadanna cónaithe sin níor cheart an ceart a thabhairt cónaí i mBallstáit eile. ***Féadfaidh stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE mailleleadcónaithe náisiúnta nó cead cónaithe buan AE nach é a bheith ag náisiúnach tríú tír.***

Cúis

Ba cheart a shoiléiriú go bhfuil náisiúnach tríú tír a bhfuil stádas cónaitheora fhadtéarmaigh aige nó aici san Aontas cheana féin i dteideal cead cónaithe náisiúnta buan a fháil, toisc go dtabharfadh sé sin cearta breise dó/di. Ní fhoráiltear le Treoir 2003/109/CE ón gComhairle an 25 Samhain 2003 maidir le stádas náisiúnach tríú tír ar cónaitheoirí fadtéarmacha iad (IO L 16, 23.1.2004, lch. 44) ná leis an athmhúnlú gur cheart d'iarrthóir ar stádas AE a chead nó a cead cónaithe náisiúnta buan a thabhairt suas. Ina theannta sin, faoi dhlí an Aontais, d'fhéadfadh dhá stádas cónaithe éagsúla a bheith ag náisiúnaigh tríú tír.

Leasú 4

Airteagal 4(2)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Bunóidh na Ballstáit sásraí rialaithe iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach, agus aird ar leith á tabhairt ar iarratais arna gcur isteach ag náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cead cónaithe acu a deonaíodh ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát.	Bunóidh na Ballstáit***, i ndlúthchomhar leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha inniúla,*** sásraí rialaithe iomchuí chun a áirithiú go ndéanfar faireachán cuí ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach, agus aird ar leith á tabhairt ar iarratais arna gcur isteach ag náisiúnaigh tríú tíortha a bhfuil cead cónaithe acu a deonaíodh ar bhonn aon chineál infheistíochta i mBallstát.

Cúis

Ós rud é go mbíonn ar na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha seiceáil agus faireachán a dhéanamh ar an gceanglas maidir le cónaí dlíthiúil agus leanúnach (e.g. tríd an áit chónaithe a chlárú), ba cheart aon athrú ar an nós imeachta nó aon "neartú" ar na seiceálacha sin a dhéanamh i gcomhar leis na húdaráis sin. D'fhágfadh sin go seachnófaí ualach riaracháin díréireach agus go gcuirfí a bhfuil ag titim amach ar "an leibhéal áitiúil" san áireamh.

Leasú 5

Airteagal 4(5)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Aon tréimhse chónaithe a chaitear mar shealbhóir víosa fadfhanachta nó ceada cónaithe arna eisiúint faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear na cásanna a chumhdaítear in Airteagal 3(2), pointí (a), (b), (c) agus (e), cuirfear san áireamh í chun an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 a ríomh, i gcás ina mbeidh teideal cónaithe faighte ag an náisiúnach tríú tír lena bhféadfar stádas cónaithe fadtéarmach AE a dheonú dó. ***Maidir le daoine dár deonaíodh cosaint idirnáisiúnta, déanfar ar a laghad leath den tréimhse idir an dáta ar taisceadh an t-iarratas ar chosaint idirnáisiúnta ar ar a bhonn a deonaíodh an chosaint idirnáisiúnta sin agus an dáta a deonaíodh an cead cónaithe dá dtagraítear in Airteagal 24 de Threoir 2011/95/AE, nó an tréimhse iomlán sin más faide ná 18 mhí í, a chur san áireamh agus an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 á ríomh.***	Aon tréimhse chónaithe a chaitear mar shealbhóir víosa fadfhanachta nó ceada cónaithe arna eisiúint faoi dhlí an Aontais nó faoin dlí náisiúnta, lena n-áirítear na cásanna a chumhdaítear in Airteagal 3(2), pointí (a), (b), (c)***, (d)*** agus (e), cuirfear san áireamh í chun an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 a ríomh, i gcás ina mbeidh teideal cónaithe faighte ag an náisiúnach tríú tír lena bhféadfar stádas cónaithe fadtéarmach AE a dheonú dó.

Cúis

Toisc nach bhfuil cásanna faoi Airteagal 3(2)(d) san áireamh, is córas neamh-chomhsheasmhach maidir le lucht iarrtha tearmainn atá á sholáthar leis an bhforáil mar atá sí beartaithe faoi láthair. Le go gcaithfear go comhsheasmhach le lucht iarrtha tearmainn, moltar an dara mír a scriosadh.

Leasú 6

Airteagal 5(3)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar náisiúnaigh tríú tíortha coinníollacha lánpháirtíochta a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta.	Féadfaidh na Ballstáit a cheangal ar náisiúnaigh tríú tíortha coinníollacha lánpháirtíochta a chomhlíonadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta. ***Chun na críche sin, ba cheart córas rialachais il-gheallsealbhóra a neartú maidir leis an imirce. Ba cheart don Bhallstát tacaíocht chuí oibríochtúil agus airgeadais, agus í curtha in oiriúint don tseirbhís atá á tairiscint, a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus/nó réigiúnacha, líonraí áitiúla agus réigiúnacha, comhlachais trádála agus eintitis phríobháideacha chreidiúnaithe a bhfuil na cláir lánpháirtíochta á n-eagrú acu. Ba cheart na cláir lánpháirtíochta sin a chur san áireamh sna beartais uile i réimsí an oideachais, na fostaíochta, na sláinte, na tithíochta agus na rannpháirtíochta.***

Cúis

Ós rud é gur údaráis áitiúla agus réigiúnacha, chomh maith le heagraíochtaí seachbhrabúsacha agus ceardchumainn, agus líonraí áitiúla agus réigiúnacha, a chuireann na cúrsaí teanga agus saoránachta – mar chuid den chlár lánpháirtíochta – agus/nó na cúrsaí gairmoiliúna ar fáil, tá sé ríthábhachtach go bhfaighidís an tacaíocht chuí ón mBallstát chuige sin. Tríd an lánpháirtíocht a chur san áireamh i mbeartais ábhartha, cuirtear dlús leis an bpróiseas lánpháirtíochta agus urramaítear na luachanna a bhaineann le cearta an duine, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas, agus cruthaítear cur chuige cuimsitheach i leith na himirce ina mbaintear leas as buntáistí na héagsúlachta.

Leasú 7

Airteagal 7

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
1. Chun stádas cónaithe fadtéarmach AE a fháil, taiscfidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann iarratas le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí air nó uirthi. Beidh ag gabháil leis an iarratas fianaise dhoiciméadach a bheidh le cinneadh leis an dlí náisiúnta go gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 agus, má cheanglaítear sin, doiciméad taistil bailí nó cóip dheimhnithe de.	1. Chun stádas cónaithe fadtéarmach AE a fháil, taiscfidh an náisiúnach tríú tír lena mbaineann iarratas le húdaráis inniúla an Bhallstáit ina bhfuil cónaí air nó uirthi. Beidh ag gabháil leis an iarratas fianaise dhoiciméadach a bheidh le cinneadh leis an dlí náisiúnta go gcomhlíonann sé nó sí na coinníollacha a leagtar amach in Airteagail 4 agus 5 agus, má cheanglaítear sin, doiciméad taistil bailí nó cóip dheimhnithe de. ***Cuirfidh na húdaráis náisiúnta inniúla an náisiúnach tríú tír ar an eolas faoin bpróiseas iarratais laistigh de thrí mhí tar éis dó nó di an tréimhse cónaithe dhlíthiúil leanúnaigh is gá a bheith curtha isteach aige nó aici ar chríoch an Bhallstáit.***

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta fógra i scríbhinn faoin gcinneadh don iarratasóir a luaithe is féidir agus ar aon chuma tráth nach déanaí ná sé mhí ón dáta a taisceadh an t-iarratas iomlán. Tabharfar fógra faoi aon chinneadh den sórt sin don náisiúnach tríú tír lena mbaineann i gcomhréir leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha.	2. Tabharfaidh na húdaráis inniúla náisiúnta fógra i scríbhinn faoin gcinneadh don iarratasóir a luaithe is féidir agus ar aon chuma tráth nach déanaí ná sé mhí ón dáta a taisceadh an t-iarratas iomlán. Tabharfar fógra faoi aon chinneadh den sórt sin don náisiúnach tríú tír lena mbaineann i gcomhréir leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt faoin reachtaíocht náisiúnta ábhartha.
I gcás ina mbeidh na doiciméid a thíolactar nó an fhaisnéis a chuirtear ar fáil mar thaca leis an iarratas easnamhach nó neamhiomlán, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra don iarratasóir faoi na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear agus socróidh siad sprioc-am réasúnta faoi nach mór iad a thíolacadh nó a sholáthar. Cuirfear an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fionraí go dtí go mbeidh na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear faighte ag na húdaráis. Más rud é nach soláthraítear na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise is gá faoin sprioc-am, is féidir an t-iarratas a dhiúltú.	I gcás ina mbeidh na doiciméid a thíolactar nó an fhaisnéis a chuirtear ar fáil mar thaca leis an iarratas easnamhach nó neamhiomlán, tabharfaidh na húdaráis inniúla fógra don iarratasóir faoi na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear agus socróidh siad sprioc-am réasúnta faoi nach mór iad a thíolacadh nó a sholáthar. Cuirfear an tréimhse dá dtagraítear sa chéad fhomhír ar fionraí go dtí go mbeidh na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise a cheanglaítear faighte ag na húdaráis. Más rud é nach soláthraítear na doiciméid bhreise nó an fhaisnéis bhreise is gá faoin sprioc-am, is féidir an t-iarratas a dhiúltú.
Cuirfear an duine lena mbaineann ar an eolas faoina chearta agus oibleagáidí faoin Treoir seo.	Cuirfear an duine lena mbaineann ar an eolas faoina chearta agus oibleagáidí faoin Treoir seo.
Is le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit ábhartha a chinnfear aon iarmhairtí mura ndéanfar cinneadh faoi dheireadh na tréimhse dá bhforáiltear san fhoráil seo.	Is le reachtaíocht náisiúnta an Bhallstáit ábhartha a chinnfear aon iarmhairtí mura ndéanfar cinneadh faoi dheireadh na tréimhse dá bhforáiltear san fhoráil seo.
3. Má chomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5, agus mura bhfuil an duine ina bhagairt de réir bhrí Airteagal 6, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann stádas cónaithe fadtéarmach AE don náisiúnach tríú tír lena mbaineann.	3. Má chomhlíontar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagail 4 agus 5, agus mura bhfuil an duine ina bhagairt de réir bhrí Airteagal 6, tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann stádas cónaithe fadtéarmach AE don náisiúnach tríú tír lena mbaineann.
4. I gcás ina mbainfidh iarratas ar chead cónaithe fadtéarmach AE le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil cead cónaithe náisiúnta arna eisiúint ag an mBallstát céanna i gcomhréir le hAirteagal 14, ní cheanglóidh an Ballstát sin ar an iarratasóir fianaise a thabhairt ar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) agus (2), más rud é gur fíoraíodh cheana féin gur comhlíonadh na coinníollacha sin i gcomhthéacs an iarratais ar chead cónaithe náisiúnta.	4. I gcás ina mbainfidh iarratas ar chead cónaithe fadtéarmach AE le náisiúnach tríú tír ag a bhfuil cead cónaithe náisiúnta arna eisiúint ag an mBallstát céanna i gcomhréir le hAirteagal 14, ní cheanglóidh an Ballstát sin ar an iarratasóir fianaise a thabhairt ar na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5(1) agus (2), más rud é gur fíoraíodh cheana féin gur comhlíonadh na coinníollacha sin i gcomhthéacs an iarratais ar chead cónaithe náisiúnta.
	5. Sa chinneadh maidir le hiarratas ar chónaí fadtéarmach a dhiúltú, cuirfear imthosca sonracha an cháis san áireamh agus urramófar prionsabal na comhréireachta.

Cúis

Tá sé tábhachtach go gcuirfeadh na húdaráis inniúla na daoine atá i dteideal iarratas a dhéanamh ar chead cónaithe fadtéarmach ar an eolas go cuí faoin bhféidearthacht sin, toisc nach leor an fhaisnéis a chuirtear ar fáil dóibh siúd a d'fhéadfadh iarratas a dhéanamh ar chead cónaithe, rud a chruthaíonn mearbhall agus míthuiscint agus a thugann dóchas gan údar dóibh, ach, lena chois sin, a chuireann an iomarca brú, mar aon le moill, ar an bpróiseas riaracháin. Ba cheart mír 5 nua a chur freisin le hAirteagal 7 – bunaithe ar Airteagal 7(3) den athmhúnlú ar an Treoir maidir le Cárta Gorm AE – chun a áirithiú go ngníomhóidh na húdaráis atá freagrach as an inimirce mar is cóir agus imthosca sonracha an cháis á gcur san áireamh acu.

Leasú 8

Airteagal 9(1)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Ní bheidh cónaitheoirí fadtéarmacha AE i dteideal a thuilleadh an stádas cónaithe fadtéarmach AE a choimeád sna cásanna seo a leanas:	Ní bheidh cónaitheoirí fadtéarmacha AE i dteideal a thuilleadh an stádas cónaithe fadtéarmach AE a choimeád sna cásanna seo a leanas:
(a) stádas cónaithe fadtéarmach AE a fhaightear go calaoiseach a bhrath;	(a) stádas cónaithe fadtéarmach AE a fhaightear go calaoiseach a bhrath;
(b) glacadh cinneadh lena gcuirtear deireadh leis an bhfanacht dlíthiúil faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13;	(b) glacadh cinneadh lena gcuirtear deireadh leis an bhfanacht dlíthiúil faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13;
(c) i gcás nach mbeidh sé ar chríoch an Aontais ar feadh tréimhse 24 mhí as a chéile.	(c) i gcás nach mbeidh sé ar chríoch an Aontais ar feadh tréimhse ***is faide ná*** 24 mhí as a chéile.

Cúis

Tá sé beartaithe na focail "is faide ná" a chur isteach le go mbeidh an mhír sin ag teacht leis an méid a luaitear níos faide síos sa Treoir.

Leasú 9

Airteagal 14

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Ceadanna cónaithe náisiúnta buana agus ceadanna cónaithe náisiúnta nach bhfuil teorainn lena mbailíocht	**Ceadanna cónaithe náisiúnta buana agus ceadanna cónaithe náisiúnta nach bhfuil teorainn lena mbailíocht**
Tá an Treoir seo gan dochar don cheart atá ag na Ballstáit ceadanna cónaithe náisiúnta buana agus ceadanna cónaithe náisiúnta nach bhfuil teorainn lena mbailíocht a eisiúint ***ach iad*** an cead cónaithe fadtéarmach AE a eisítear i gcomhréir leis an Treoir seo. Ní bhronnfar, ar bhonn na gceadanna cónaithe sin, an ceart cónaithe sna Ballstáit eile mar a fhoráiltear i gCaibidil III den Treoir seo.	Tá an Treoir seo gan dochar don cheart atá ag na Ballstáit ceadanna cónaithe náisiúnta buana agus ceadanna cónaithe náisiúnta nach bhfuil teorainn lena mbailíocht a eisiúint ***nach ionann iad agus*** an cead cónaithe fadtéarmach AE a eisítear i gcomhréir leis an Treoir seo. Ní bhronnfar, ar bhonn na gceadanna cónaithe sin, an ceart cónaithe sna Ballstáit eile mar a fhoráiltear i gCaibidil III den Treoir seo. ***Agus Ballstát ag eisiúint ceadanna cónaithe náisiúnta buana, tabharfaidh sé do náisiúnaigh tríú tír ar tugadh stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE dóibh na cearta agus na sochair chéanna dá bhforáiltear faoina chóras náisiúnta má tá na cearta agus na sochair faoi na scéimeanna náisiúnta sin níos fabhraí.***

Cúis

Chun cothrom na Féinne a áirithiú idir cead cónaithe fadtéarmach AE agus an cead cónaithe náisiúnta buan, ní mór do na Ballstáit na cearta agus na sochair chéanna agus atá ag náisiúnaigh na mBallstát a thabhairt do náisiúnaigh tríú tír a bhfuil stádas cónaitheora fhadtéarmaigh acu. Tá an leasú seo atá beartaithe ag teacht leis an gclásal in Airteagal 11(6) de Threoir (AE) 2021/1883 maidir le Cárta Gorm AE (athmhúnlú) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2021 maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche fostaíochta ardcháilíochta, agus lena n-aisghairtear Treoir 2009/50/CE ón gComhairle (IO L 382, 28.10.2021, lch. 1).

Leasú 10

Airteagal 21(3)

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Eiseoidh an dara Ballstát ceadanna cónaithe in-athnuaite do bhaill teaghlaigh an chónaitheora fhadtearma AE a mbeidh an tréimhse bailíochta chéanna acu agus atá ag an cead a eisíodh don chónaitheoir fadtéarmach AE .	Eiseoidh an dara Ballstát ceadanna cónaithe in-athnuaite do bhaill teaghlaigh an chónaitheora fhadtearma AE a mbeidh an tréimhse bailíochta chéanna acu agus atá ag an cead a eisíodh don chónaitheoir fadtéarmach AE . ***Eiseofar an cead cónaithe i gcomhréir leis na rialacha agus an tsamhail chaighdeánach a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1030/2002. Faoin gceannteideal "Nótaí", cuirfidh na Ballstáit isteach an nóta "beidh ag an sealbhóir na cearta céanna agus atá ag cónaitheoir fadtéarmach AE faoi Chaibidil III".***

Cúis

Ba cheart a lua go sonrach ar an gcead cónaithe gur eisíodh é do chónaitheoir fadtéarmach sa dara Ballstát. Mura ndéanfar sin, ní thuigfidh údaráis phoiblí, eagraíochtaí príobháideacha ná daoine eile go bhfuil stádas cónaitheora fhadtéarmaigh AE ag náisiúnach tríú tír agus go bhfuil na cearta a thugann an stádas sin, e.g. an chóir chomhionann, aige nó aici.

Leasú 11

Airteagal 24

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
An chóir a dheonófar sa dara Ballstát	**An chóir a dheonófar sa dara Ballstát**
1. A luaithe a bheidh an cead cónaithe dá bhforáiltear le hAirteagal 21 faighte ag cónaitheoirí fadtéarmacha AE agus ag a mbaill teaghlaigh sa dara Ballstát faighte acu, teachtfaidh siad cóir chomhionann sna réimsí agus faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 12.	1. A luaithe a bheidh an cead cónaithe dá bhforáiltear le hAirteagal 21 faighte ag cónaitheoirí fadtéarmacha AE agus ag a mbaill teaghlaigh sa dara Ballstát faighte acu, teachtfaidh siad cóir chomhionann sna réimsí agus faoi na coinníollacha dá dtagraítear in Airteagal 12.
2. Beidh rochtain ag cónaitheoirí fadtéarmacha AE agus ag a mbaill teaghlaigh ar an margadh saothair i gcomhréir le mír 1.	2. Beidh rochtain ag cónaitheoirí fadtéarmacha AE agus ag a mbaill teaghlaigh ar an margadh saothair i gcomhréir le mír 1.
Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfaidh na cónaitheoirí fadtéarmacha AE agus a mbaill teaghlaigh a fheidhmíonn gníomhaíocht eacnamaíoch i gcáil fhostaithe nó fhéinfhostaithe aon athrú fostóra nó gníomhaíochta eacnamaíche a chur in iúl do na húdaráis inniúla. Le ceanglas den sórt sin, ní dhéanfar difear do cheart na ndaoine lena mbaineann dul i mbun na gníomhaíochta nua agus an ghníomhaíocht nua a shaothrú.	Féadfaidh na Ballstáit foráil a dhéanamh go ndéanfaidh na cónaitheoirí fadtéarmacha AE agus a mbaill teaghlaigh a fheidhmíonn gníomhaíocht eacnamaíoch i gcáil fhostaithe nó fhéinfhostaithe aon athrú fostóra nó gníomhaíochta eacnamaíche a chur in iúl do na húdaráis inniúla. Le ceanglas den sórt sin, ní dhéanfar difear do cheart na ndaoine lena mbaineann dul i mbun na gníomhaíochta nua agus an ghníomhaíocht nua a shaothrú.
Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, na coinníollacha faoina bhféadfaidh na daoine dá dtagraítear in Airteagal 16(2)***, pointí (b) nó*** (c), agus a mbaill teaghlaigh rochtain a bheith acu ar ghníomhaíocht fhostaithe nó fhéinfhostaithe.	Féadfaidh na Ballstáit a chinneadh, i gcomhréir leis an dlí náisiúnta, na coinníollacha faoina bhféadfaidh na daoine dá dtagraítear in Airteagal 16(2)(c), agus a mbaill teaghlaigh rochtain a bheith acu ar ghníomhaíocht fhostaithe nó fhéinfhostaithe.

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
	3. Beidh sé de cheart ag na daoine dá dtagraítear in Airteagal 16(2)(b), lasmuigh dá n-am staidéir agus faoi réir na rialacha agus na gcoinníollacha is infheidhme maidir leis an ngníomhaíocht atá i gceist sa Bhallstát lena mbaineann, dul i mbun gníomhaíocht mar dhuine fostaithe agus féadfar iad a údarú gníomhaíocht eacnamaíoch fhéinfhostaithe a shaothrú. Cinnfidh gach Ballstát an t-uaslíon uaireanta in aghaidh na seachtaine nó an t-uaslíon laethanta nó míonna in aghaidh na bliana ina bhféadfar gníomhaíocht den sórt sin a chleachtadh, agus is 15 uair an chloig in aghaidh na seachtaine, nó a choibhéis sin i laethanta nó míonna in aghaidh na bliana, an t-íoslíon.

Cúis

De réir an léirmhínithe a moladh ar an abairt dheireanach d'Airteagal 24(2), náisiúnach tríú tír a bhfuil cead cónaithe fhadtéarmaigh aige nó aici a bhogfadh go Ballstát eile mar mhac léinn faoi Airteagal 16(2)(b), bheadh sé nó sí ag brath go hiomlán ar na rialacha náisiúnta ábhartha maidir le fostaíocht a fháil. Níl údar ar bith leis gur lú rochtain ar fhostaíocht a bheadh ag an náisiúnach tríú tír sin a bhfuil cónaí dlíthiúil cúig bliana ar a laghad aige nó aici san Aontas ná a bheadh ag mac léinn tríú tír faoi Airteagal 24 de Threoir 2016/801 maidir le Mic Léinn agus Taighdeoirí, Treoir (AE) 2016/801 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016, maidir le coinníollacha iontrála agus cónaithe do náisiúnaigh tríú tír chun críche taighde, staidéir, oiliúna, seirbhís dheonach, scéimeanna malartaithe daltaí nó tionscadail oideachais agus obair au pair (IO L 132, 21.5.2016, lch. 21). Tá an mhír bhreise ar aon dul le hAirteagal 24 den treoir sin.

Leasú 12

Airteagal 27

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Rochtain ar fhaisnéis	***Rochtain ar fhaisnéis***
1. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a leanas ar fáil ar bhealach éasca d'iarratasóirí ar chead cónaitheora fhadtéarmaigh AE	1. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a leanas ar fáil ar bhealach éasca d'iarratasóirí ar chead cónaitheora fhadtéarmaigh AE
(a) faisnéis faoin bhfianaise dhoiciméadach is gá le haghaidh iarratais;	(a) faisnéis faoin bhfianaise dhoiciméadach is gá le haghaidh iarratais;
(b) faisnéis faoi na coinníollacha maidir le stádas a fháil agus maidir le cónaí is infheidhme ar náisiúnaigh tríú tír agus ar bhaill a dteaghlaigh, lena n-áirítear a gcearta agus a n-oibleagáidí agus na coimircí nós imeachta.	(b) faisnéis faoi na coinníollacha maidir le stádas a fháil agus maidir le cónaí is infheidhme ar náisiúnaigh tríú tír agus ar bhaill a dteaghlaigh, lena n-áirítear a gcearta agus a n-oibleagáidí agus na coimircí nós imeachta.
2. I gcás ina n-eisíonn Ballstáit ceadanna cónaithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14, áiritheoidh siad go mbeidh an rochtain chéanna ar an bhfaisnéis faoin gcead cónaitheora fhadtéarmaigh AE agus atá ar an bhfaisnéis faoi na ceadanna cónaithe náisiúnta.	2. I gcás ina n-eisíonn Ballstáit ceadanna cónaithe náisiúnta i gcomhréir le hAirteagal 14, áiritheoidh siad go mbeidh an rochtain chéanna ar an bhfaisnéis faoin gcead cónaitheora fhadtéarmaigh AE agus atá ar an bhfaisnéis faoi na ceadanna cónaithe náisiúnta.
	3. Tar éis tréimhse cúig bliana a bheith caite ag náisiúnach tríú tír ina chónaí nó ina cónaí go dlíthiúil agus go leanúnach ar chríoch Ballstáit, cuirfidh an Ballstát sin an náisiúnach tríú tír ar an eolas faoi dheireadh na tréimhse sin agus faoin bhféidearthacht iarratas a dhéanamh ar an stádas dá dtagraítear in Airteagal 7, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 3, Airteagal 4 agus Airteagal 5 nó in Airteagal 26.

Cúis

Go dtí seo, is tearc an úsáid a baineadh as stádas cónaitheora fhadtéarmaigh san Aontas, sin mar gheall, i bpáirt, ar easpa feasachta agus faisnéise maidir leis na cearta agus na sochair a bhaineann leis an stádas. Lena chur sin ina cheart, moltar náisiúnaigh tríú tír a bhfuil cónaí orthu go dlíthiúil sa Bhallstát agus a d'fhéadfadh a bheith i dteideal an stádais a chur ar an eolas faoi sin agus faoin gcaoi le hiarratas a dhéanamh ar an stádas sin.

Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le nós imeachta um iarratas aonair le haghaidh cead aonair do náisiúnaigh tríú tír chun cónaí agus obair a dhéanamh ar chríoch Ballstáit agus maidir le tacar coiteann de chearta d'oibrithe tríú tír a chónaíonn go dleathach i mBallstát

COM(2022) 655

Leasú 13

Aithris 4

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Ba cheart tacar rialacha lena rialaítear an nós imeachta chun an t-iarratas ar chead aonair a scrúdú, ba cheart an tacar rialacha sin a leagan síos. Ba cheart an nós imeachta sin a bheith éifeachtach agus inbhainistithe ***agus gnáthualach oibre riaracháin na mBallstát a chur san áireamh ann,*** agus ba cheart é a bheith trédhearcach agus cothrom, le gur féidir an chinnteacht dlí iomchuí a thabhairt dóibh siúd lena mbaineann.	Ba cheart tacar rialacha lena rialaítear an nós imeachta chun an t-iarratas ar chead aonair a scrúdú, ba cheart an tacar rialacha sin a leagan síos. Ba cheart an nós imeachta sin a bheith éifeachtach agus inbhainistithe, agus ba cheart é a bheith trédhearcach agus cothrom, le gur féidir an chinnteacht dlí iomchuí ***agus freagra tapa*** a thabhairt dóibh siúd lena mbaineann.

Cúis

Ós rud é go bhfuil an ráta imirce ag méadú faoi láthair, ní dóigh linn gurb é seo an t-am ceart chun tús áite a thabhairt do chineálacha eile oibre riaracháin ar an nós imeachta maidir le scrúdú na n-iarratas ar chead aonair, a mbeadh pearsanra tiomnaithe ag teastáil ina chomhair.

Leasú 14

Aithris 5

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Ba cheart forálacha na Treorach seo a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát an ligean isteach a rialáil, lena n-áirítear líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach chun críche oibre.	Ba cheart forálacha na Treorach seo a bheith gan dochar d'inniúlacht na mBallstát an ligean isteach a rialáil, lena n-áirítear líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach chun críche oibre. ***Agus líon na ndaoine a ligfí isteach á socrú, moltar do na Ballstáit dul i gcomhairle lena n-údaráis áitiúla agus réigiúnacha féin agus leis na gníomhaithe áitiúla ábhartha.***

Cúis

Cé gur inniúlacht náisiúnta atá sna cuótaí maidir le ligean isteach, is féidir éagsúlacht mhór a bheith idir staid an mhargaidh saothair ó réigiún go chéile laistigh de Bhallstát agus nach mbeadh na sonraí meánacha náisiúnta ina léargas beacht ar na riachtanais lucht saothair. Dá bhrí sin, ba cheart an deis a thabhairt do na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a gcuid riachtanas a chur san áireamh sna cuótaí náisiúnta maidir le ligean isteach. Tá geallsealbhóirí áitiúla amhail comhlachais áitiúla agus réigiúnacha, eagraíochtaí neamhrialtasacha a mbíonn baint acu le cuimsiú na n-imirceach agus le fáilte a chur roimh dhídeanaithe, comhairlí dídeanaithe, etc. in ann grinnmheastachán a thabhairt freisin ar líon na náisiúnach tríú tír a ligtear isteach.

Leasú 15

Aithris 15

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Ba cheart ainmniúchán an údaráis inniúil faoin Treoir seo a bheith gan dochar do ról agus freagrachtaí údarás eile agus, i gcás inarb infheidhme, gan dochar do chomhpháirtithe sóisialta, maidir leis an iarratas a scrúdú agus le cinneadh a dhéanamh ina thaobh.	Ba cheart ainmniúchán an údaráis inniúil faoin Treoir seo a bheith gan dochar do ról agus freagrachtaí údarás eile***, lena n-áirítear na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha,*** agus, i gcás inarb infheidhme, gan dochar do chomhpháirtithe sóisialta, maidir leis an iarratas a scrúdú agus le cinneadh a dhéanamh ina thaobh.

Cúis

Is é an aidhm atá leis an leasú seo a áirithiú go gcoimeádfaidh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a róil agus a bhfreagrachtaí faoi seach.

Leasú 16

Aithris 16

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Maidir leis an spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh faoin iarratas, níor cheart, mar sin féin, an t-am a theastaíonn chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla a chur san áireamh ***ná an t-am a theastaíonn chun víosa a eisiúint***. ***Ba cheart an Treoir seo*** a bheith gan dochar do nósanna imeachta náisiúnta maidir le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí.	Maidir leis an spriocdháta chun cinneadh a ghlacadh faoin iarratas, níor cheart, mar sin féin, an t-am a theastaíonn chun aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí gairmiúla ***agus oideachais*** a chur san áireamh ***agus ba cheart é*** a bheith gan dochar do nósanna imeachta náisiúnta ***nó réigiúnacha*** maidir le haitheantas a thabhairt do dhioplómaí.

Cúis

Bíonn lámh ag údaráis éagsúla in aithint cáilíochtaí, rud a d'fhéadfadh moill a chur ar phróiseáil an iarratais aonair ar chead. I mBallstáit áirithe, déantar a lán gairmeacha a rialú ar an leibhéal réigiúnach. Le go dtabharfar aitheantas do na cáilíochtaí sin, ní mór do na réigiúin rialacháin dlí a chur chun feidhme.

Leasú 17

Aithris 32

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil sásraí iomchuí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhostóirí agus, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfar cigireachtaí éifeachtacha agus leordhóthanacha ar a gcríocha faoi seach. Ba cheart roghnú na bhfostóirí a mbeidh cigireacht le déanamh orthu a bheith bunaithe go príomha ar mheasúnú riosca a bheidh le déanamh ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus aird á tabhairt ar thosca amhail an earnáil ina n-oibríonn cuideachta agus aon taifead a bhí ann roimhe sin maidir le sárú.	Chun forfheidhmiú cuí na Treorach seo a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú***, i gcomhar leis na húdaráis áitiúla agus na réigiúin,*** go bhfuil sásraí iomchuí i bhfeidhm chun faireachán a dhéanamh ar fhostóirí agus, i gcás inarb iomchuí, go ndéanfar cigireachtaí éifeachtacha agus leordhóthanacha ar a gcríocha faoi seach. Ba cheart roghnú na bhfostóirí a mbeidh cigireacht le déanamh orthu a bheith bunaithe go príomha ar mheasúnú riosca a bheidh le déanamh ag na húdaráis inniúla sna Ballstáit agus aird á tabhairt ar thosca amhail an earnáil ina n-oibríonn cuideachta agus aon taifead a bhí ann roimhe sin maidir le sárú.

Cúis

Dá gcuirfí an faireachán faoi chúram na n-údarás áitiúil agus réigiúnach freisin, thabharfaí ról do na póilíní áitiúla sa chosaint a thugtar d'oibrithe agus, ar an gcaoi sin, sna seiceálacha a dhéantar sna hionaid oibre.

Leasú 18

Airteagal 5

An téacs a mhol an Coimisiún Eorpach	Leasú ó CnaR
Údarás inniúil	**Údarás inniúil**
1. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás atá inniúil ar an iarratas a fháil agus ar an gcead aonair a eisiúint.	1. Ainmneoidh na Ballstáit an t-údarás atá inniúil ar an iarratas a fháil agus ar an gcead aonair a eisiúint.
2. Glacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh faoin iarratas ina iomláine a luaithe agus is féidir agus i gcás ar bith laistigh de cheithre mhí ón uair a cuireadh an t-iarratas isteach.	2. Glacfaidh an t-údarás inniúil cinneadh faoin iarratas ina iomláine a luaithe agus is féidir agus i gcás ar bith laistigh de cheithre mhí ón uair a cuireadh an t-iarratas isteach.
Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír cumhdófar léi seiceáil staid an mhargaidh saothair agus eisiúint an víosa riachtanaigh dá dtagraítear in Airteagal 4(3). Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír*** i gcásanna eisceachtúla a bhaineann le castacht an scrúduithe a dhéanfar ar an iarratas.	***An*** teorainn ama dá dtagraítear sa chéad fhomhír cumhdófar léi seiceáil staid an mhargaidh saothair agus eisiúint an víosa riachtanaigh dá dtagraítear in Airteagal 4(3). Féadfar síneadh a chur leis an teorainn ama i gcásanna eisceachtúla a bhaineann le castacht an scrúdaithe a dhéanfar ar an iarratas***, sin nó an teorainn ama a laghdú le linn drochdhálaí polaitiúla/sóisialta nó tubaistí nádúrtha, ar choinníoll go bhfioraítear na ceanglais tráth níos faide anonn***.
I gcás nach bhfuil cinneadh déanta laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa mhír sin, is leis an dlí náisiúnta a dhéanfar aon iarmhairt a chinneadh.	I gcás nach bhfuil cinneadh déanta laistigh den teorainn ama dá bhforáiltear sa mhír sin, is leis an dlí náisiúnta a dhéanfar aon iarmhairt a chinneadh.
3. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn faoin gcinneadh don iarrthóir i gcomhréir leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar síos sa dlí náisiúnta ábhartha.	3. Tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn faoin gcinneadh don iarrthóir i gcomhréir leis na nósanna imeachta um fhógra a thabhairt a leagtar síos sa dlí náisiúnta ábhartha.
4. Más neamhiomlán de réir na gcritéar a shonraítear sa dlí náisiúnta atá an fhaisnéis nó na doiciméid a thacaíonn leis an iarratas, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn don iarrthóir faoin bhfaisnéis bhreise nó faoi na doiciméid bhreise atá ag teastáil agus leagfaidh sé amach spriocdháta réasúnta chun iad a sholáthar. Cuirfear an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2 ar fionraí go dtí go bhfaighidh an t-údarás inniúil nó údaráis ábhartha eile an fhaisnéis bhreise atá ag teastáil. Mura ndéantar an fhaisnéis bhreise nó na doiciméid bhreise a sholáthar laistigh den teorainn ama atá leagtha síos, féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú don iarratas.	4. Más neamhiomlán de réir na gcritéar a shonraítear sa dlí náisiúnta atá an fhaisnéis nó na doiciméid a thacaíonn leis an iarratas, tabharfaidh an t-údarás inniúil fógra i scríbhinn don iarrthóir faoin bhfaisnéis bhreise nó faoi na doiciméid bhreise atá ag teastáil agus leagfaidh sé amach spriocdháta réasúnta chun iad a sholáthar. Cuirfear an teorainn ama dá dtagraítear i mír 2 ar fionraí go dtí go bhfaighidh an t-údarás inniúil nó údaráis ábhartha eile an fhaisnéis bhreise atá ag teastáil. Mura ndéantar an fhaisnéis bhreise nó na doiciméid bhreise a sholáthar laistigh den teorainn ama atá leagtha síos, féadfaidh an t-údarás inniúil diúltú don iarratas.
	5. I gcás ina bhfuil seoladh an fhostóra i réigiún nó i gcathair a thug le fios d'údarás inniúil an Bhallstáit go raibh ganntanas lucht saothair nach féidir a chúiteamh leis an bhfórsa saothair náisiúnta ann nó inti, féadfar fíorú staid an mhargaidh saothair a fhágáil ar lár nó é a dhéanamh níos luaithe.

Cúis

Leis an leasú atá beartaithe, d'fhéadfaí próiseáil níos tapa a dhéanamh ar iarratais oibrithe atá ag teacht isteach i réigiúin atá sa tóir ar oibrithe ón gcoigríoch chun gur féidir leo aghaidh a thabhairt ar ghanntanas lucht saothair.

II. **MOLTAÍ BEARTAIS**

TÁ COISTE EORPACH NA RÉIGIÚN (CnaR),

1. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an cur chuige straitéiseach maidir leis an imirce dhleathach;

2. á chur in iúl go dtuigeann sé an ról tábhachtach atá ag imircigh dhleathacha i ngeilleagar agus i sochaí na hEorpa agus gur féidir le himircigh an fhorbairt a spreagadh nuair a chuirtear na beartais chuí i bhfeidhm; á chur i bhfáth gur spreagadh tábhachtach fáis i gcathracha atá san imirce dhleathach agus go gcuireann sí leis an éagsúlacht agus beocht an gheilleagair sna cathracha; á chur i bhfáth freisin a oiread a chabhraigh an líon ard príomhoibrithe imirceacha a rinne a gcion féin le linn phaindéim COVID-19; ag leagan béim ar an ngá atá leis an gcóir chomhionann a neartú d'oibrithe tríú tír, go háirithe maidir le dálaí oibre, saoirse comhlachais agus cleamhnachta, agus sochair leasa shóisialta, agus ar an ngá atá le cosaint níos fearr do chearta na mban agus do ghné na hinscne, go háirithe in earnálacha ar mná imirceacha is mó a bhíonn ag obair iontu, agus ar an ngá atá le cosaint a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas, agus dá gcearta agus don rochtain atá acu ar an gcúram;

3. á thabhairt le fios gurb iad na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha is fearr atá in ann léargas cuimsitheach a fháil ar na ganntanais agus na deiseanna atá ann faoi láthair sa mhargadh saothair áitiúil nó a bhfuil baint acu le struchtúr an mhargaidh sin. Ba cheart, dá bhrí sin, iad a áireamh i gcóras rialachais il-leibhéil le go bhféadfar tallann idirnáisiúnta a mhealladh agus a choinneáil chun freastal ar riachtanais an mhargaidh saothair áitiúil. Chuige sin, ní mór cur le líon na spásanna atá ar fáil le haghaidh idirphlé il-leibhéil sa struchtúr rialachais ar an leibhéal áitiúil, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais;

4. á chur i bhfáth gur gá cur chuige iomlánaíoch a ghlacadh maidir leis an gcaoi a bhfostaítear oibrithe imirceacha, le go bhféadfar gach gné den phróiseas imirce a chur san áireamh: idir earcaíocht, lánpháirtiú éifeachtach, agus, ar deireadh, saoirse gluaiseachta i margadh saothair an Aontais; á chur i bhfáth, ar an gcuma chéanna, go bhfuil sé tábhachtach leibhéil na himirce eacnamaíche dleathaí a chur in oiriúint do riachtanais an mhargaidh saothair sna Ballstáit. Ba cheart comhpháirtithe san earnáil phríobháideach agus na fostóirí, mar aon le hoibrithe imirceacha de gach leibhéal scileanna, a chur san áireamh sa phróiseas sin;

5. á chur in iúl go dtuigeann sé go mbeidh sainscileanna agus athstruchtúrú geilleagar agus margaí saothair a dhíth le go bhféadfaidh an tAontas Eorpach aistriú go geilleagar glas agus digiteach agus go dteastóidh lucht saothair breise agus scileanna nua chuige sin tríd an oiliúint agus oideachas teicneolaíochta agus gairme; ag iarraidh go mbeadh na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha páirteach sa phróiseas sin, óir is iadsan is fearr a thuigeann riachtanais na margaí saothair áitiúla agus réigiúnacha;

6. á chur i bhfáth go bhfuil ról ríthábhachtach ag na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha maidir le héascaíocht a dhéanamh do chuimsiú na náisiúnach tríú tír, gan beann ar a stádas dlíthiúil. Is minic a chuireann na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha an éagsúlacht agus an comhtháthú sóisialta chun cinn trí réimse beartas forásach lena gcothaítear muinín as an gcóras riaracháin áitiúil, rochtain chothrom ar chomhsheirbhísí, agus cuimsiú socheacnamaíoch. Tá siad lárnach sa phróiseas trína nglactar le dídeanaithe agus trína dtugtar cúnamh dóibh. Tá ról lárnach acu freisin maidir le riachtanais an mhargaidh saothair a shainaithint agus maidir leis na coinníollacha lena gceanglaítear cur chun feidhme nósanna imeachta coimirce (anailís ar an margadh saothair) a shainiú, agus maidir lena áirithiú go dtabharfar aitheantas don éagsúlacht sa mhargadh saothair agus go n-urramófar í, chomh maith le comhdheiseanna a chur ar fáil do chách;

7. á iarraidh go mbeadh modh cuimsitheach ann ar leibhéal an Aontais chun sonraí a bhailiú maidir leis an éileamh ar oibrithe ardoilte i ngairmeacha beatha agus i margaí saothair éagsúla, rud a d'éileodh tuilleadh forbartha a dhéanamh ar thionscnaimh amhail tairseach EURES, EuroPass agus na gníomhaíochtaí atá beartaithe faoi láthair faoin gClár Oibre Nua Scileanna. D'fhéadfaí, mar a d'iarr na comhpháirtithe sóisialta náisiúnta go minic, ardáin chomhair atá bunaithe ar riachtanais iarbhír an mhargaidh a bhunú ar bhealach níos simplithe;

8. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an tacaíocht a thugann an tÚdarás Eorpach Saothair (ELA) lena áirithiú go ndéantar rialacha AE maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus comhordú na slándála sóisialta a fhorfheidhmiú ar bhealach cothrom simplí éifeachtach, lena n-áirítear trí fhaisnéis a sholáthar, cigireachtaí comhbheartaithe agus comhpháirteacha a dhéanamh, comhar riaracháin níos fearr agus soghluaisteacht an lucht saothair a chur chun cinn, go háirithe trí EURES;

9. den tuairim go bhfuil athmhúnlú an dá Threoir i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta;

10. á chur in iúl gur díol sásaimh dó na bearta breise a leagtar amach sa phacáiste "Scileanna agus Tallanna", lena n-áirítear treoirthionscadal AE a chruthú maidir le tallann, rud a bheadh dírithe go sonrach ar dhaoine atá ag teitheadh ó ionradh na Rúise san Úcráin, agus linn tallann an Aontais Eorpaigh atá beartaithe;

11. á chur in iúl gur díol sásaimh dó an fógra a thug an Coimisiún Eorpach go gcuirfear dídeanaithe a bhfuil cónaí orthu san Aontas agus i dtíortha lasmuigh den Aontas san áireamh i linn tallann an Aontais Eorpaigh, rud a réiteoidh an bóthar le haghaidh cur chuige níos inbhuanaithe agus níos cuimsithí maidir le soghluaisteacht an lucht saothair agus réitigh i dtríú tíortha; á mheabhrú nach mór, agus na huirlisí sin á gceapadh, níos mó a dhéanamh chun scéimeanna cothroma um imirce lucht saothair a fhorbairt lena n-áiritheofar obair chuibhiúil do gach oibrí, agus a mbeidh teacht ag dídeanaithe orthu ar bhonn cothrom, gan beann ar a náisiúntacht ná a n-áit fanachta, agus an chosaint chuí acu. Tá na creataí dlíthiúla agus riaracháin atá ann cheana róchasta agus is gnách gur bac iad ar scálaí móra a bhaint amach. Is féidir le nósanna imeachta atá rómhaorlathach cur isteach ar an rochtain a bhíonn ag dídeanaithe ar an margadh saothair, rud is cúis de réir a chéile le méadú ar an mbaol go mbeadh orthu glacadh le hobair neamhdhearbhaithe agus iad neamhchosanta ar mhí-úsáid agus ar dhúshaothrú;

12. á chur i bhfáth gur cheart a áireamh, uaidh seo amach, i gcur chun feidhme tionscadal soghluaisteachta agus comhpháirtíochtaí tallainne: (a) na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha a mbeadh sé de chúram orthu cabhrú leis na tionscadail a dhearadh, (b) an diaspóra a mbeadh sé de chúram orthu riachtanais na n-imirceach a shainiú agus cabhrú leis na tionscadail a mhúnlú ina dtíortha dúchais, agus (c) na comhlachais trádála agus na comhlachais fostóirí a mbeadh sé de chúram orthu riachtanais an mhargaidh saothair a shainaithint ar an leibhéal náisiúnta agus áitiúil agus cabhrú le bearta éifeachtacha a cheapadh;

13. á chur i bhfáth gur cheart riachtanais na ngeallsealbhóirí éagsúla (imircigh, an diaspóra, na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha, na fostóirí agus na comhlachais trádála) a chur san áireamh, d'fhonn a áirithiú go mbeidh na tionscadail amach anseo éifeachtach agus inbhuanaithe agus ina n-uirlis lena bhféadfar an imirce dhleathach a bhainistiú go fadtéarmach; ag iarraidh, dá bhrí sin, cruinniú comhchéime a bhunú idir an Coimisiún Eorpach, Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, Coiste Eorpach na Réigiún agus Parlaimint na hEorpa, a mbeadh an malartú eatarthu bunaithe ar chomhairliúchán agus ar idirphlé a bhí ann roimhe seo le príomh-gheallsealbhóirí i dtaobh lánpháirtiú na n-imirceach; ag iarraidh, freisin, sineirgí a chruthú leis an ardán um imirce lucht saothair atá beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach; á mheabhrú gur cheart an cás leochaileach ina bhfuil na dídeanaithe a chur san áireamh i dtionscadail nua le go mbeidh dídeanaithe in ann rochtain chothrom a fháil ar dheiseanna an mhargaidh saothair agus go mbeidh an chosaint dlí is gá i bhfeidhm;

14. ag tacú le clár oibre agus taistil de chuid an Aontais a bhunú do dhaoine óga ó thíortha nach tíortha den Aontas iad, mar a bhí beartaithe ag an gCoimisiún sa Teachtaireacht uaidh maidir le scileanna agus tallanna a mhealladh chuig an Aontas Eorpach, agus leis an síneadh a chuirfear leis an gclár DiscoverEU, is é sin go tíortha eile nach tríú tíortha iad atá comhlachaithe le Erasmus+; á iarraidh go mbeadh cur chuige den chineál céanna ann maidir leis an gCór Dlúthpháirtíochta Eorpach le go bhféadfaí níos mó tríú tíortha ná mar a fhoráiltear faoi láthair a áireamh sa chlár, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar dhúshláin agus ar dheiseanna na himirce feadh thimthriall iomlán na himirce;

15. den tuairim nach bhfuil COM(2022) 657, arb é an príomhchuspóir agus an fócas atá leis scileanna agus tallann a mhealladh chun na hEorpa, curtha san áireamh go leormhaith sna tograí le haghaidh Threoracha COM(2022) 650 agus 655, cé gur spreagadh tábhachtach é d'athrú paraidíme san anailís ar an imirce;

16. á mheabhrú go bhfuil grúpaí áirithe ann i measc na náisiúnach tríú tír sin a chuireann le margadh saothair an Aontais, agus gur cheart aird a thabhairt ar na grúpaí sin sa reachtaíocht, ós rud é go bhfuil siad ag éirí níos ábhartha de réir a chéile in earnálacha ríthábhachtacha i margaí saothair na hEorpa, mar shampla sna tionscnaimh atá dírithe ar na hearnálacha sláinte agus cúraim a neartú, amhail an Ráthaíocht Eorpach do Leanaí nó an Páipéar Uaine maidir le hAosú; á iarraidh go dtabharfaí tacaíocht ní ba spriocdhírithe do náisiúnaigh tríú tír chun cabhrú leo stádas mar chónaitheoir fadtéarmach a fháil, agus cur lena saoirse gluaisteachta agus lena lánpháirtiú laistigh den Aontas, agus béim ar leith orthu siúd a fuair cosaint idirnáisiúnta agus, i gcás na treorach atá beartaithe maidir le cónaitheoirí fadtéarmacha, a thagann faoi na rialacha céanna agus a thagann gach náisiúnach tríú tír eile faoi raon feidhme na treorach sin, treoir nach gcuireann cás speisialta na ndídeanaithe ná a leochaileachtaí san áireamh;

17. á mheabhrú gur féidir le soghluaisteacht an lucht saothair a bheith ina rogha dhlíthiúil eile trínar féidir le dídeanaithe an Eoraip nó cinn scríbe eile a bhaint amach gan gá dul i muinín bealaí neamhdhleathacha óir is bealach sábháilte atá ann inar féidir le dídeanaithe leas a bhaint as a gcuid scileanna agus barr a gcumais a bhaint amach i réigiúin atá ag iarraidh dul i ngleic le ganntanas scileanna áirithe; á mholadh gur cheart dídeanaithe a bhfuil cónaí orthu i dtríú tíortha a mheas mar chatagóir eile oibrithe cáilithe, agus gur féidir tríd an rogha dhlíthiúil bhreise sin a sholáthar an brú atá ar chórais tearmainn na hEorpa a mhaolú;

18. á fhógairt, ainneoin nach bhfuil i gceist leis an imirce neamhrialta ach céatadán beag d'iomlán na himirce chuig an Aontas, go gcuireann an imirce neamhrialta brú mór ar a shon sin ar na réigiúin agus na cathracha atá suite ar theorainn sheachtrach an Aontais; á iarraidh, dá bhrí sin, go gcuirfí prionsabal na comhroinnte dualgas i bhfeidhm go cuí idir na Ballstáit agus go rachfaí i ngleic leis an imirce neamhrialta, lena n-áirítear trí aghaidh a thabhairt ar na gáinneálaithe a dhéanann dúshaothrú ar iarrthóirí tearmainn agus ar imircigh eacnamaíocha agus a chuireann ina luí orthu turais chontúirteacha a dhéanamh;

19. á thabhairt le fios gur gá i gcás grúpaí gairmiúla áirithe (oibrithe sláinte, innealtóirí, etc.) ligean isteach na n-imirceach a éascú trí fháil réidh leis an rómhaorlathas, agus i gcás na mílte folúntas i réimsí ina dteastaíonn oiliúint theicniúil seachas oiliúint acadúil – an talmhaíocht, an fhoirgníocht, an t-iompar, an innealtóireacht mheicniúil, etc. – nach leor díriú ar na tairiscintí ar an margadh a mheaitseáil leis an éileamh, ach go gcaithfear cineál eile comhair a shamhlú, lena n-áirítear na tairiscintí a mheaitseáil leis an éileamh agus freisin comhar níos dlúithe a bheith ann leis na comhpháirtithe sóisialta agus le hionaid oiliúna ábhartha. Ba cheart na húdaráis áitiúla agus na réigiúin a áireamh sa chomhar sin freisin;

20. ag iarraidh freisin ar na Ballstáit, d'fhonn scileanna agus tallann a mhealladh, féachaint an bhféadfaí stádas mar chónaitheoir fadtéarmach a dheonú do na himircigh dhleathacha sin go léir a bhfuil cáilíochtaí agus poist ardleibhéil acu, agus do chatagóirí sonracha oibrithe meánoilte arb as tríú tíortha iad, rud a dteastódh, ar ndóigh, scála tosaíochta a leagan síos dó. D'fhéadfadh sin cabhrú chun an bhearna a dhúnadh in earnálacha ina bhfuil ganntanas lucht saothair, amhail TF agus an tsláinte. Bheadh gá, dá bhrí sin, liostaí post a chruthú inar léir go bhfuil ganntanas oibrithe iontu, chomh maith le díolúine a chruthú ón tástáil ar an margadh saothair maidir le rochtain a thabhairt d'oibrithe oilte;

21. á mholadh go ndéanfaí córas áitiúil aitheantais scileanna (limistéar réigiúnach nó cathrach) a ghníomhachtú chun dlús a chur le cuimsiú socheacnamaíoch na náisiúnach tríú tír, bídís ina n-imircigh atá tar éis teacht chun na hEorpa nó ina gcónaitheoirí cheana féin, agus ceann de na stádais a ráthaítear leis an reachtaíocht náisiúnta reatha acu. Ní thiocfadh an córas aitheantais scileanna sin in ionad an chórais náisiúnta, ach is comhlánú air a bheadh ann, rud lena ráthófaí lánpháirtiú níos tapa i margadh saothair an limistéir réigiúnaigh nó cathrach;

22. á thabhairt le fios gur léiriú é an sreabhadh dídeanaithe ardoilte ón Úcráin gur gá dlús a chur leis an bpróiseas aitheantais scileanna do gach náisiúnach tríú tír, rud atá á rialú cheana leis an Treoir nua maidir le Cárta Gorm AE. Tá beartas AE lena rialaítear iontráil oibrithe imirceacha agus mar a chaitear leo bunriachtanach chun dea-chothromaíocht a áirithiú idir an soláthar lucht saothair agus an t-éileamh, rud atá an-neamhchothrom faoi láthair, go háirithe i bpoist áirithe atá ábhartha go sóisialta amhail na poist sin a bhaineann le hearnáil an chúraim agus leis an earnáil sláinte;

23. á thabhairt le fios gur cheart gairmithe i réimse na n-ealaíon a chur san áireamh freisin, óir cé nach mbíonn na próifílí gairmiúla a mbítear sa tóir orthu acu, is féidir leo cultúr an Stáit óstaigh a shaibhriú, tríd an malartú cultúir, rud ar féidir leis an Eoraip a bheith bródúil as;

24. á mholadh go gcuirfí beartais fhadtéarmacha chun feidhme chun dul níos faide ná na bearta atá dírithe ar an tslándáil trí chuimsiú níos fearr a chur chun cinn agus, ag an am céanna, dul i ngleic leis na rudaí sin is cúis leis an imirce;

25. ag iarraidh go gcuirfí an fhiontraíocht chun cinn trí chur leis na roghanna imirce chuig an Aontas ar mhaithe le gnólachtaí a chruthú agus a bhunú as an nua agus trí cheadanna a éascú do náisiúnaigh tríú tír maidir le gnó a bhunú; á chur i bhfios gur féidir leis na húdaráis áitiúla agus réigiúnacha treoir a thabhairt agus nuatheachtaithe a chur i dteagmháil le gnólachtaí áitiúla agus gur gá tacaíocht leanúnach a chur ar fáil do na tionscnaimh sin tríd an maoiniú Eorpach;

26. á thabhairt le fios gur gá cultúr na caoinfhulaingthe a chur chun cinn trí fheasacht idirchultúrtha a ardú agus trí mhuintearas comhroinnte a chruthú;

27. á mholadh go neartófaí córas rialachais il-gheallsealbhóra na himirce, go dtabharfaí tacaíocht ar mhaithe le comhar ní b'fearr idir na húdaráis réigiúnacha agus an tsochaí shibhialta maidir leis an imirce, an éagsúlacht agus an cuimsiú a bhainistiú, go bhfeabhsófaí an t-idirphlé agus an comhar maidir leis an imirce, agus go gcruthófaí cur chuige fíorchuimsitheach chun aghaidh a thabhairt ar gach gné den imirce, agus cearta an duine á n-urramú go hiomlán.

An Bhruiséil, an 30 Samhain 2022.

Uachtarán
Choiste Eorpach na Réigiún

Vasco ALVES CORDEIRO